Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 14 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

12834/19

COPS 299
POLMIL 96
COWEB 116
CSDP/PSDC 454
CFSP/PESC 753
BIH 22

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12832/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea<br>– Conclúidí ón gComhairle (14 Deireadh Fómhair 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea, a ghlac an Chomhairle ag an 3720ú cruinniú a bhí aici ar an 14 Deireadh Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLUIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN mBOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN/OIBRÍOCHT EUFOR ALTHEA**

1. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair a tiomantas aonchiallach do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Agus é á chur san áireamh, ó bhí toghcháin ghinearálta na bliana seo caite ann, nár cuireadh rialtais ar bun fós sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ar leibhéal an Stáit agus na Cónaidhme, iarrann an Chomhairle an athuair ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint de rialtas a chur le chéile agus tús a chur leis an obair gan a thuilleadh moille, ar mhaithe leis na saoránaigh uile. Meabhraítear don Chomhairle gur gá athchóirithe a chur chun feidhme go héifeachtach chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo bhallraíocht an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, meabhraítear don Chomhairle a cuid conclúidí ó mhí an Mheithimh 2019, a thug an tuairim ón gCoimisiún ar aird.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Oibríocht Althea ann i gcónaí, a d'athdhírigh ar a príomhshainordú tar éis na n-athbhreithnithe straitéiseacha a rinneadh in 2017 agus 2019, agus an oiliúint chomhchoiteann á coinneáil aici mar chúram don Oibríocht ag an am céanna. Sa chomhthéacs sin, agus mar chuid de straitéis iomlán an Aontais maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas réidh ag an bpointe seo le leanúint le sainordú feidhmeach Oibríocht Althea chun tacú le húdaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus iad ag iarraidh timpeallacht shábháilte, shlán a choimeád faoi shainordú athnuaite na Náisiún Aontaithe.

3. Tá an Chomhairle ag súil le tíolacadh an chéad athbhreithnithe straitéisigh eile in 2021 a bheidh mar bhonn don phlé a dhéanfar leis na Ballstáit ar chúraimí EUFOR agus ar na roghanna atá ann do thodhchaí na hOibríochta. Ag an am céanna tá aird á tabhairt aici ar a riachtanaí atá sé, agus an staid slándála ar an láthair á cur san áireamh, tacú le dul chun cinn na Boisnia agus na Heirseagaivéine ina próiseas lánpháirtithe leis an Aontas.

4. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar le comhordú EUFOR Althea le gníomhaithe idirnáisiúnta eile ar an láthair.

5. Ag an am céanna agus le tacaíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta, tathantaíonn an tAontas ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine, dlús a chur lena n-iarrachtaí chun armlón, arm agus feistí pléascacha breise a dhiúscairt, mar aon lena n-iarrachtaí i ndáil le dímhianú.